Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2022
(OR. en)

15930/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0204(COD)**

CODEC 1993
ICAO 100
CLIMA 668
RELEX 1717
AVIATION 316

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaigh atá bunaithe san Aontas **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim uaidh an 28 Aibreán 2022[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 20 Deireadh Fómhair 2021[3].

1. An 13 Nollaig 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 10869/21 + COR 1.
[2] IO C 301, 5.8.2022, lch. 116.
[3] IO C 105, 4.3.2022, lch. 140.
[4] 15927/22.

2. Ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Nollaig 2022, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe go n-aontaíonn sé agus chomhaontaigh sé a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 61/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

3. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.